

Creat Rialachais Chorparáidigh

(2ú Eagrán - Bealtaine 2022)

Clár na nÁbhar

Réamhrá	2
CAIBIDIL 1: FORBHREATHNÚ OIFIGE.....	3
1.1 Ár Misean	3
1.2 Caighdeáin Iompair agus ár Luachanna	3
1.3 Struchtúr agus Eagrú na hOifige	3
1.4 Struchtúr Eagraíochta	4
1.5 Pleanáil Straitéiseach - Cuspóirí Ardleibhéil a Nascadh le Feidhmíocht Aonair.....	4
1.6 Socruithe Cumarsáide Inmheánacha	5
1.7 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha.....	5
1.8 Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chreata	6
CAIBIDIL 2: RÓIL BHAINISTÍOCHTA AGUS SANNADH FREAGRACHTA.....	7
2.1 An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí	7
2.2 Leas-Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí	7
2.3 Freagrachtaí a Sannadh d'Fhoireann Eile.....	8
2.4 Ceannaireacht agus Cumas Eagrúcháin	8
CAIBIDIL 3: AN BORD BAINISTÍOCHTA AGUS STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE	10
3.1. An Bord Bainistíochta.....	10
3.2 Téarmaí Tagartha	10
3.3 Cruinnithe, Cláir, Páipéir agus Tacaíocht.....	10
3.4 Miontuairiscí/Pointí Gníomhaíochta an Bhoird Bhainistíochta	11
3.5 Fochoistí an Bhoird Bhainistíochta a Cheapadh.....	11
3.6 Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn an Bhoird Bhainistíochta.....	11
3.7 Bord Rialachais TFC	11
3.8 Rialachas i measc Teorainneacha Eagraíochtúla.....	11
CAIBIDIL 4: DEARBHÚ INIÚCHTA AGUS SOCRUITHE COMHLÍONTA	13
4.1 Timpeallacht Rialaithe agus Dearbhaithe	13
4.2 Bainistíocht Riosca	13
4.3. Iniúchadh Inmheánach.....	14
4.4 Iniúchadh Seachtrach – an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Coiste na gCuntas Poiblí.....	15
4.5 Monatóireacht agus Measúnú Idirnáisiúnta	15

Réamhrá

Tá dea-rialachas corparáideach lárnach d'oibriú éifeachtach na Ranna agus na nOifigí Rialtais go léir. Tá sé rithábhachtach chun oibleagáidí reachtúla agus polasaí Roinne/Oifige a chomhlíonadh go héifeachtach. Cinntíonn sé go bhfuil creat de struchtúir, de pholasaithe agus de phróisis i bhfeidhm chun na hoibleagáidí seo a sheachadadh agus ceadaíonn sé measúnú oibiachtúil ar fheidhmíocht bhainistíochta agus chorparáideach.


Ó 2015 i leith, tá gealltanas i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse Rialachas Corparáideach sa Státseirbhís a neartú ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Tá sé seo á bhaint amach trí Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh a chur i bhfeidhm don Státseirbhís. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Caighdeán teimpléadach in 2015 agus tá sé in úsáid ag gach Roinn agus Oifig ó shin i leith chun forbairt a gCreat Rialachais aonair a threorú. I measc rudaí eile, is fusa don phobal cleachtais a chur i gcomparáid le heagraíochtaí éagsúla dá bharr.

Tá an Oifig seo an-difriúil le go leor den Státseirbhís, go príomha mar gheall ar a neamhspleáchas atá cumhdaithe sa reachtaíocht. Dá réir sin, ní bhainfidh go leor codanna den teimpléad leis an Oifig seo. Mar sin féin, tá cinneadh déanta againn, chomh fada agus is féidir, teimpléad coiteann na Státseirbhíse a leanúint. Murab ionann agus Roinn Rialtais níl Aire Rialtais i gceannas ar an Oifig seo, ní fhostaíonn sí Comhairleoirí Speisialta agus níl sí faoi réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Mar sin féin, cé go n-aithnítear na difríochtaí sin agus a neamhspleáchas reachtúil, tá sé tábhachtach a admháil freisin go bhfuil Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí faoi réir fhorhmór na gcód, na ridpp2022-!aluithe, na nósanna imeachta agus na rialacháin thábhachtacha sa Státseirbhís.

Soláthraíonn an doiciméad seo forbheathnú ar struchtúr na hOifige seo, na luachanna atá mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre, na nósanna imeachta bainistíochta atá i bhfeidhm agus na socruithe iniúchta agus comhlíonta a bhfuilimid ina bhfostaithe dóibh.

Forbraíodh an Creat Rialachais seo den chéad uair de réir an Chaighdeáin agus foilsíodh é i mBealtaine 2016. Chun a chinntiú go bhfanann sé cothrom le dáta, tá sé athbhreithnithe, nuashonraithe agus athfhoilsithe anois. Coinneofar an Creat faoi athbhreithniú leanúnach agus nuashonrófar dá réir ó am go ham. Déanfar athbhreithniú foirmiúil arís air i mBealtaine 2023.

Tá sé mar chroíchuspóir ag an gCreat Rialachais foriomlán a bhfuil cur síos air sa doiciméad seo a chinntiú go gcomhlíonann m'Oifig a misean seirbhís ionchúisimh a sholáthar thar ceann Mhuintir na hÉireann atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach.



Catherine Pierse
An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí

Bealtaine 2022

CAIBIDIL 1: Forbhreathnú Oifige

1.1 Ár Misean

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le dlí faoin [Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974](#). D'fhoráil an tAcht d'aistriú chuig an Stiúrthóir ar na feidhmeanna go léir a rinne an tArd-Aighne roimhe seo maidir le hábhair choiriúla agus achainíocha toghcháin agus reifrinn. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna.

Is é misean na hOifige seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach a sholáthar thar ceann Mhuintir na hÉireann.

1.2 Caighdeán Iompair agus ár Luachanna

Tá luach na státseirbhíse agus ionchúisimh araon mar bhonn agus mar thaca ag obair oifigigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Áirítear leis na luachanna sin neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus meas ar an smacht reachta. Tá luachanna na státseirbhíse le fáil i [gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse](#) arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

Ní mór d'oifigigh na hOifige forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 a chomhlíonadh freisin. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán [Treoirlínte ar Chomhlíonadh Fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001](#).

Chomh maith leis na caighdeán atá i gCód um Chaighdeán agus Iompar na Státseirbhíse agus sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, tá obair na n-ionchúisitheoirí san Oifig bunaithe freisin ar an e [Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014](#) agus sraith caighdeán agus treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear le caighdeán náisiúnta [na Treoirlínte d'ionchúisitheoirí agus an Cód Eitice](#) a d'fhorbair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an [Treoir maidir le Dea-Iompar Gairmiúil d'Aturnaetha](#) arna fhoilsiú ag Dlí-Chumann na hÉireann.

Tá obair na n-ionchúisitheoirí san Oifig bunaithe ar an mBunreacht, ar Chairt an AE, ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Duine chomh maith le cinní Chúirteanna na hÉireann, an CBE agus an CECD.

Tá caighdeán agus treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann le hionchúisitheoirí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le fáil i bhfoilseachán na Náisiún Aontaithe [Stádas agus Ról na nIonchúisitheoirí](#), foilseachán Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí [Caighdeán Freagrachta Gairmiúla agus Ráiteas ar Dhualgais Riachtanacha agus Cearta Ionchúisitheoirí](#) agus [foilseachán Chomhairle na hEorpa Treoirlínte Eorpacha ar Eitic agus Iompar d'ionchúisitheoirí Poiblí](#).

Chomh maith le caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, tá oibleagáid ar ionchúisitheoirí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freisin íosmhéid uaireanta an chloig d'fhorbairt ghairme leanúnach a chur i gcrích go bliantúil. Déantar é seo lena chinntiú go gcoimeáfaidh siad a gcuid eolais agus scileanna cothrom le dáta.

1.3 Struchtúr agus Eagrú na hOifige

Tá an Oifig i gceannas ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Leas-Stiúrthóir agus comhaltaí eile den Bhord Bainistíochta. Tá cur síos ar chomhdhéanamh, ar théarmaí tagartha agus ar nósanna imeachta

oibríochtúla an Bhoird Bainistíochta i [gCaibidil 3](#) den doiciméad seo. Go heagraíochtúil, tá an Oifig roinnte i gceithre Rannán, mar a leanas:

1. Cinneann an **Rannán Stiúrtha**, tar éis scrúdú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe, ar cheart ionchúiseamh a bheith ann nó ar cheart ionchúiseamh a thionscain an Garda Síochána a choinneáil. Léiríonn an treoir a eisítear na cúisimh, más ann dóibh, atá le tabhairt os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Chun ionchúiseamh a dhéanamh ní mór cás prima facie a bheith ann – fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá, go gcinneadh cúirt nó giúiré, gan amhras réasúnach, go bhfuil an duine ciontach sa chion.
2. Soláthraíonn an **Rannán Aturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae don Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, an Phríomh-Chúirt Choiriúil agus an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach. Lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath cuireann 32 aturnae stáit áitiúil, a fhostaítear ar bhonn conartha, seirbhís aturnae ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt gnóthaí Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla faoi seach.
3. Cuimsíonn an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** an tAonad Idirchaidrimh le hÍospartaigh atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a cuid oibleagáidí maidir le tacaíocht agus cosaint d'Íospartaigh na coireachta mar atá leagtha amach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017; an tAonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; agus an tAonad um Bheartas Ionchúisimh agus Taighde a dhéanann taighde dlí, a sholáthraíonn tacaíocht d'fhorbairt beartais dlí, agus téann sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha ar ábhar beartais. Comhordaíonn an tAonad Beartais agus Taighde freisin bainistíocht eolais agus áirítear leis an tseirbhís Leabharlainne a sholáthraíonn seirbhísí fios gnó don fhoireann dlí agus riaracháin araon.
4. Cuidíonn **Rannán na Seirbhísí Corparáideacha** le straitéis iomlán na hOifige trí raon feidhmeanna gnó lena n-áirítear acmhainní daonna agus forbairt eagraíochtúil, airgeadas, TFC, bainistíocht saoráidí, soláthar, oifig na meán cumarsáide, cumarsáid agus rialachas.

1.4 Struchtúr Eagraíochta

Coinnítear cairt eagraíochtúil a dhéanann cur síos ar na struchtúir thuas ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie.

1.5 Pleanáil Straitéiseach - Cuspóirí Ardleibhéil a Nascadh le Feidhmíocht Aonair

Leagann an [tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997](#) amach an riachtanas atá ar fhorhmór eagraíochtaí na státseirbhíse ráitis straitéise a fhorbairt. Cé nach oifig sceidealta í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de réir bhrí an Achta, tá cinneadh déanta ag an Stiúrthóir oibriú de réir a fhorálacha a mhéid is féidir ar bhonn riaracháin. Dá réir sin, forbraíonn agus feidhmíonn an Oifig [Ráitis Straitéise](#) a chlúdaíonn tréimhsí trí bliana a shainíonn cuspóirí na hOifige agus a leagann amach straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Leagann gach Ráiteas Straitéise trí bliana amach na príomhthéamaí straitéiseacha don tréimhse agus na bearta tosaíochta a ghlacfar chun na cuspóirí ardleibhéil a bhaint amach. Saináithnítear na torthaí inmhianaithe mar aon le raon príomhbhearta a úsáidfear chun dul chun cinn a mheas. Tá an Ráiteas

Straitéise faofa ag an mBord Bainistíochta agus déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na straitéisí a comhaontaíodh.

Baintear éifeacht le straitéisí ardleibhéal trí chuspóirí agus straitéisí a aistriú go Pleananna Gnó agus as sin i bPróifíl Róil oifigeach aonair. Leagtar béim shuntasach ar úsáid a bhaint as Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na státseirbhíse chun a chinntiú go socraítear cuspóirí aonair soiléire agus go ndéantar athbhreithniú foirmiúil orthu i rith na bliana. Tá an córas foirmiúil seo ríthábhachtach chun a chinntiú go gcuidíonn feidhmíocht daoine aonair le seachadadh na feidhmíochta eagraíochtúla atá beartaithe inár Ráiteas Straitéise.

1.6 Socruithe Cumarsáide Inmheánacha

Táthar ag súil go mbeidh cruinnithe rialta ag bainisteoirí na rannán agus na n-aonad go léir chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi bheartais na hOifige agus faoi fhorbairt a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus ar a cuid oibre. Ina theannta sin, is fóram tábhachtach iad grúpaí ar nós Coiste Comhpháirtíochta na hOifige ina ndéantar faisnéis a mhalartú duine le duine. Tá príomhfheidhm freisin ag cruinnithe foirmeálta faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a bhíonn ar siúl idir baill aonair foirne agus a mbainisteoirí chun a chinntiú go mbíonn eolas tábhachtach in iúl.

Tá roinnt líonraí agus fóraim foirne ann freisin thar gráid agus disciplíní éagsúla san Oifig, agus cuireann siad go léir deiseanna rannpháirtíochta fostaithe ar fáil.

Cuirtear faisnéis in iúl go himmheánach freisin trí mhodhanna leictreonacha. Chomh maith le ríomhphoist a úsáid, bíonn an Oifig ag brath go mór ar a córas bainistíochta cásanna agus ar a hInlín — a ionchorpraíonn tairseach dlí — mar uirlis bhainistíochta eolais chun aird a tharraingt ar fhorbairtí tábhachtacha agus a chinntiú go bhfuil rochtain éasca ar an eolas agus ar an taighde dlí is déanaí, ar bheartais na hOifige, ar phrótacail agus ar dhoiciméid thábhachtacha eile.

Ina theannta sin, soláthraíonn miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuashonruithe ar raon saincheisteanna a dtugann an Oifig aghaidh orthu. Cuirtear na miontuairiscí seo suas ar Inlín na hOifige.

1.7 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Is féidir páirtithe leasmhara seachtracha na hOifige a chatagóiriú i roinnt grúpaí bunaithe ar a bpríomhréimsí spéise. I measc na bpríomhgrúpaí tá:

- i) baill den phobal i gcoitinne;
- ii) daoine atá in amhras nó cúisithe i gcionta coiriúla;
- iii) íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh;
- iv) an Garda Síochána agus eagraíochtaí eile a thugann faoi imscrúduithe ar choiriúlacht amhrasta;
- v) an tOireachtas, Roinn an Taoisigh, an Roinn Dlí agus Cirt, agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- vi) An tSeirbhís Chúirteanna
- vii) rannpháirtithe eile sa chóras ceartais choiriúil; agus
- viii) eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

Soláthraítear faisnéis mhionsonraithe faoinár gcuid oibre inár [dTuarascálacha Bliantúla](#) agus ar ár suíomh Gréasáin, chomh maith le faisnéis faoi conas teagmháil a dhéanamh leis an Oifig. Míníonn an suíomh gréasáin freisin na catagóirí daoine a fhéadfaidh dul i dteagmháil leis an Oifig maidir le cásanna aonair.

Tá leathanach tiomnaithe cruthaithe ag an Oifig ar a suíomh gréasáin go sonrach [d'íospartaigh na coireachta](#). Ceadáíonn an leathanach gréasáin seo rochtain éasca ar raon leabhrán a mhíníonn an próiseas ceartais choiriúil agus ina leagtar amach cad is féidir a bheith ag súil leis ón Oifig seo. Tá nasc ar an leathanach gréasáin freisin le beartas foirmiúil gearán na hOifige agus míniú ar conas leas a bhaint as an mbeartas seo.

Chomh maith le hábhar foilsithe, tairgtear cruinnithe réamhthrialach i ngach cás de chion marfach agus gnéasach a leantar ar díotáil. Éascaítear cruinnithe do gach cás a théann ar aghaidh ar díotáil nuair a iarrann an t-íospartach é. Tá Aonad Teagmhála Íospartach tiomnaithe ann freisin a sholáthraíonn faisnéis d'íospartaigh i gcúinsí ina bhfuil cinneadh déanta gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Mar fhreagra ar ghealltanais faoinár [Scéim Ghaeilge](#), cuirtear eolas ar ár suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá foráil ann freisin chun cumarsáid a dhéanamh leis an Oifig i dteangacha eile.

Faightear iarratais um Shaoráil Faisnéise ó pháirtithe leasmhara seachtracha freisin. Tá na socrúithe chun iarratais den sórt sin a phróiseáil leagtha amach go hachomair ar an [leathanach um Shaoráil Faisnéise](#) ar ár suíomh gréasáin. Cé go bhfuil an Oifig faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, [cuireann alt 42\(f\) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014](#) srian le rochtain ar thaifid atá i seilbh nó cruthaithe ag an Oifig, seachas iad siúd a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige.

Tagann foireann na hOifige os comhair Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann. Glacann foireann na hOifige páirt freisin i ngrúpaí oibre agus ar choistí arna mbunú ag, mar shampla, an tSeirbhís Chúirteanna nó an Roinn Dlí agus Cirt, atá dírithe ar ghnéithe de chóras ceartais choiriúil na hÉireann. Tá an Oifig ina rannpháirtí sa [Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil 2022–2024](#). Bíonn cruinnithe rialta duine le duine ar siúl freisin le heagraíochtaí imscrúdaithe a chuireann comhaid faoi bhráid na hOifige. Ina theannta sin, glacann an Oifig páirt freisin in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta a gclúdaíonn a sainchúram gnéithe d'ionchúisimh choiriúla.

1.8 Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chreata

Is iad cuspóirí an Chreata Rialachais seo ná a chinntiú go bhfuil córais chuntasachta agus freagrachta na hOifige éifeachtach, láidir, soiléir agus inaitheanta. Coinneoidh an Bord Bainistíochta an creat seo faoi athbhreithniú ionas go ndéanfar é a oiriúnú chun freastal ar athruithe inár dtimpeallacht. Foilseofar leaganacha nuashonraithe den doiciméad ar shuíomh Gréasáin na hOifige, www.dppireland.ie/ga/compliance.

CAIBIDIL 2 Róil Bhainistíochta agus Sannadh Freagrachta

Mar a míníodh níos luaithe, níl Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoi réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí. Cé nach sanntar freagracht faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, déantar cumhachtaí agus feidhmeanna maidir le hionchúisimh a tharmligean faoin [Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974](#). D'ainneoin na dtoscaireachtaí dá dtagraítear thuas, is ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá an t-údarás deiridh maidir le cinntí ionchúisimh san Oifig. Mar an gcéanna, is ar an Leas-Stiúrthóir atá an t-údarás dlíthiúil agus an fhreagracht as cúrsaí airgeadais. Leagtar amach thíos achoimre ghearr ar fhreagrachtaí reachtúla an Stiúrthóra agus an Leas-Stiúrthóra.

2.1 An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Eascaíonn príomhról agus freagracht an Stiúrthóra as an bhfíric go bhfuil an chumhacht chun ionchúisimh ar díotáil a thionscnamh in Éirinn dílsithe don Stiúrthóir. Cé gur féidir le raon páirtithe, lena n-áirítear an Stiúrthóir, ionchúisimh choiriúla a thionscnamh sa Chúirt Dúiche ní féidir ach leis an Stiúrthóir ionchúiseamh a dhéanamh ar díotáil (ach amháin i gcás na gcásanna an-teoranta sin inarb é an tArd-Aighne an t-ionchúisitheoir indíotáilte). Agus an chumhacht seo á feidhmiú aige, tá an Stiúrthóir ag gníomhú ar son Mhuintir na hÉireann seachas ag gníomhú thar ceann íospartach aonair.

Áirítear ar fhreagrachtaí an Stiúrthóra maidir le hionchúisimh ar díotáil cinneadh a dhéanamh ar cheart ionchúiseamh a thionscnamh, cinneadh a dhéanamh ar na cúisimh is fearr agus cinneadh a dhéanamh maidir le conas an t-ionchúiseamh a bhainistiú. Tá an Stiúrthóir neamhspleách ar an Rialtas maidir lena ról a chomhlíonadh.

[Leagann Alt 2 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974](#) amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le ceapadh agus tionacht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Áirítear ina measc:

- Ní cheapfar duine chun bheith ina Stiúrthóir mura rud é, ar dháta a cheaptha, gur abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach é/í agus gur chleacht sé mar abhcóide nó mar aturnae ar feadh deich mbliana ar a laghad.
- Beidh an Stiúrthóir ina státseirbhíseach i Státseirbhís an Stáit.
- Beidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.
- Beidh an Stiúrthóir i seilbh oifige ar na téarmaí agus coinníollacha sin a chinnfidh an Taoiseach tar éis dul i gcomhairle le hAire na Seirbhíse Poiblí.

Chomh maith leis na cumhachtaí agus na freagrachtaí maidir le hionchúisimh choiriúla a shanntar faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, dílsíonn alt 2(11) den Acht arna leasú le [alt 31 d'Acht Rialaithe na Státseirbhíse \(Leasú\) 2005](#) don Stiúrthóir an chumhacht chun foireann a cheapadh chun na hOifige. Tá an Stiúrthóir ainmnithe freisin mar an t-údarás cuí maidir le foireann na hOifige ar ghrád an Phríomhoifigigh nó ar ghrád comhionann nó ar ghrád níos airde. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cumhachtaí maidir le bainistíocht agus smacht foirne de na gráid seo dílsithe don Stiúrthóir.

2.2 Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Tacaíonn an Leas-Stiúrthóir leis an Stiúrthóir i gcomhlíonadh ac(h)uid feidhmeanna ionchúisimh. Ina theannta sin, tá an Leas-Stiúrthóir ainmnithe mar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige. Go bunúsach

ciallaíonn sé seo go bhfuil an t-údarás dlíthiúil agus an fhreagracht as cúrsaí airgeadais laistigh den Oifig ag an Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Vótálann Dáil Éireann cistí gach bliain do Ranna agus Oifigí Rialtais le caitheamh ar sheirbhísí comhaontaithe. Tar éis dheireadh na bliana, ullmhaíonn Ranna agus Oifigí a fhaigheann na Vótaí cuntas ar a gcaiteachas agus a bhfáltais. Tugtar an Cuntas Leithreasa air seo. Ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas seo a shíniú agus a chur i láthair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Féadfar an tOifigeach Cuntasaíochta a ghairm ansin chun láithriú os comhair Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann chun fianaise a thabhairt i dtaobh an airgid a caitheadh.

Tá ról suntasach eile ag an Leas-Stiúrthóir maidir le hoibriú na hOifige. Tá an Leas-Stiúrthóir ainmnithe mar an t-údarás cuí maidir le foireann na hOifige faoi ghrád nó céim an Phríomhoifigigh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cumhachtaí maidir le bainistíocht agus smacht foirne de na gráid seo dílsithe don Stiúrthóir.

2.3 Freagrachtaí a Sannadh d'Fhoireann Eile

Tá breac-chuntas tugtha ag na hait roimhe seo ar fhreagrachtaí reachtúla an Stiúrthóra agus an Leas-Stiúrthóra agus tá sé aibhsithe acu toisc nach mbaineann an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí le sannacháin na hOifige seo faoin Acht sin. Cé nach sanntar freagrachtaí don fhoireann shinsearach faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, tá sannadh freagrachta déanta faoi alt 4(1)(a) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974. Ceadaíonn Alt 4(1)(a) don Stiúrthóir foireann dlí a threorú chun raon dá feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Tá raon teoracha déanta ag an Stiúrthóir.

Chomh maith le sannadh reachtúil na bhfreagrachtaí don fhoireann, sanntar raon freagrachtaí eile d'fhoireann uile na hOifige ar bhonn riaracháin trí úsáid a bhaint as Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na státseirbhíse. Faoin gcóras seo comhaontaítear pleananna oibre bliantúla foirmiúla idir bainisteoirí agus baill foirne aonair. Déantar feidhmíocht a mheas ansin i gcoinne na bpleananna oibre comhaontaithe.

2.4 Ceannaireacht agus Cumas Eagrúcháin

Faigheann an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir tacaíocht ó thaobh ceannaireacht na hOifige ó na ceithre Cheann Rannáin agus ó chomhaltaí eile an Bhoird Bainistíochta (tá tuairisc ar théarmaí tagartha chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta i [gCaibidil 3](#)). Chomh maith leis an gceannaireacht a sholáthraíonn an grúpa ardleibhéil seo, aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann le daoine aonair a bheith ag feidhmiú ról ceannaireachta ar go leor leibhéal. Aithníonn an Oifig freisin nach mór di cumas eagraíochtúil a thógáil chun déileáil ní hamháin le saincheisteanna an lae inniu, ach freisin le bheith in ann dul i ngleic le saincheisteanna amach anseo. Áireoidh na saincheisteanna seo athruithe ar an dlí coiriúil agus scor d'fhoireann le tairí.

Mar chuid dá pleanáil don todhchaí bíonn an Oifig páirteach i bpleanáil don lucht saothair chun na héilimh dóchúla agus infhaighteacht na foirne agus na scileanna agus an t-eolas is dócha a bheidh ag teastáil a shainnithint san todhchaí.

Luíonn an Grúpa Stiúrtha um Oilíúint Dhlíthiúil treoir iomlán na hoiliúna dlí laistigh den Oifig a chinneann ábhar agus fócas na hoiliúna dlí. Is é cuspóir an ghrúpa seo a chinntiú go soláthraítear oilíúint chúí agus ábhartha, go leabaítear cultúr foghlama laistigh den Oifig agus go gcothaítear cultúr roinnte eolais. Aithnítear gur príomhshócmhainn an t-eolas a bailíodh le himeacht na mblianta laistigh den Oifig maidir le ceisteanna ionchúisimh. Tá idir straitéisí agus chuspóirí i bhfeidhm chun tacú le códú agus roinnt an eolais seo. Tá Straitéis Bainistíochta Faisnéise Dlí agus Plean Forfheidhmithe i bhfeidhm chun tacú le códú

agus roinnt an eolais seo. Tá forbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Bainistíochta Faisnéise Díl á maoirsiú ag an Dlíodóir Bainistíochta Eolais.

Chomh maith le clár cuimsitheach oiliúna díl, tá Clár Oiliúna Feidhmiúcháin curtha i bhfeidhm ag an Oifig a éascaíonn oiliúnóir seachtrach é. Tá an clár seo rollaithe amach chuig Príomh-Ionchúisitheoirí Sinsearacha

Infheistíonn an Oifig freisin in oideachas na foirne amach anseo trí Scéim Aisíocaíochta Táillí do bhaill foirne a thugann faoi chúrsaí tríú leibhéal ábhartha ina gcuid ama féin. Tá fóstaithe ar éirigh leo scrúduithe FE1 an Díl-Chumainn a chríochnú i dteideal breithniú a dhéanamh ar an gClár Aturnae faoi Oiliúint. Faoin gclár seo, déanann an Oifig urraíocht ar fhostaithe chun freastal ar Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil Dhíl-Chumann na hÉireann.

CAIBIDIL 3: An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais Eile

3.1. An Bord Bainistíochta

Cuimsíonn Bord Bainistíochta na hOifige an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir, na Cinn Rannáin agus na Cinn Rannóige/Aonaid. Cé go nglacann comhaltaí Boird páirt ar bhealach comhoibritheach maidir le bainistíocht na hOifige, oibríonn an Bord Bainistíochta sa chomhthéacs inar shann Achtanna an Oireachtais réimse feidhmeanna go sonrach don Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir. Mar thoradh air sin, cé go mbaineann an Bord Bainistíochta cinntí amach, go ginearálta, i ndiaidh comhairliúcháin, déanfaidh an Stiúrthóir, nó an Leas-Stiúrthóir, cinneadh ar chúrsa gníomhaíochta i gceisteanna a bhaineann lena f(h)eidhmeanna mar Oifigeach Cuntasaíochta, mar shampla, agus aird chuí ar na tuairimí a léiríonn an Bord Bainistíochta.

3.2 Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Bhoird Bainistíochta:

- Cur le ceannaireacht straitéiseach na hOifige agus páirt a ghlacadh i bhforbairt pleananna straitéiseacha a chinnteoidh go leanann an Oifig lena misean a chomhlíonadh;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn straitéisí a comhaontaíodh chun príomhchuspóirí a bhaint amach;
- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar don Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir i gcomhlíonadh a bhfreagrachtaí reachtúla;
- A chinntiú go gcuirtear príomhfaisnéis in iúl ar fud na hOifige;
- Príomhdhoiciméid bheartais chorparáidigh na hOifige a cheadú;
- A chinntiú go sainaithnítear príomhrioscaí don Oifig chomh maith le straitéisí chun na rioscaí sin a mhaolú agus go dtugtar aghaidh orthu ar bhealach tráthúil agus éifeachtach;
- Monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na n-acmhainní atá ar fáil agus ar éifeachtacht a n-úsáide;
- Deiseanna feabhsaithe nó nuálaíochta a aibhsiú; agus
- A chinntiú go roinntear faisnéis maidir le hobair na gcoistí inmheánacha agus rannpháirtíocht sheachtrach.

3.3 Cruinnithe, Cláir, Páipéir agus Tacaíocht

Tagann an Bord Bainistíochta le chéile go míosúil. Soláthraíonn an Rúnaí Príobháideach don Stiúrthóir a rúnaíocht.

Ullmhaíonn an rúnaí leis an mBord Bainistíochta an clár don chruinniú míosúil i gcomhairle le comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta. Cuirtear páipéir ar ábhair atá le breithniú faoi bhráid an rúnaí in am ionas gur féidir iad a scaipeadh roimh an gcruinniú. I measc na míreanna seasta ar an gclár oibre tá tuarascálacha ó rannóga dlí agus nuashonruithe ar chúrsaí Airgeadais, Foirne agus TFC.

3.4 Miontuairiscí/Pointí Gníomhaíochta an Bhoird Bhainistíochta

I ndiaidh gach cruinnithe, ullmhaíonn an rúnaí leis an mBord Bainistíochta, i gcomhairle leis an Stiúrthóir, dréacht-mhiontuairiscí a dhéanann an méid a leanas a dhoiciméadú:-

- Cinntí a baineadh amach;
- Gníomhartha a theastaíonn;
- Comhalta(i) an Bhoird Bhainistíochta atá freagrach as na pointí gníomhaíochta; *agus*
- An t-amchlár le haghaidh gníomhaíochta.

I ndiaidh don Stiúrthóir é a fhaomhadh, scaiptear dréacht-mhiontuairiscí ar an mBord Bainistíochta agus tugtar roinnt laethanta breise do chomhaltaí chun aon ghné de na dréacht-mhiontuairiscí a shoiléiriú/a cheartú. I ndiaidh na tréimhse seo, tugtar na miontuairiscí chun críche agus scaiptear iad ar an bhfoireann go léir trí Inlín na hOifige.

3.5 Fochoistí an Bhoird Bhainistíochta a Cheapadh

Féadfaidh an Bord Bainistíochta fochoistí a cheapadh, cé acu ar bhonn buan nó ad-hoc, chun dul i ngleic le beartas nó le saincheistean eagraíochtúla áirithe. Bíonn na fochoistí siúd freagrach don Bhord Bainistíochta agus tuairiscíonn siad leis. Féadfaidh baill foirne nach comhaltaí den Bhord iad a bheith ar fhochoistí freisin. Bíonn aiseolas ó fhochoistí mar chuid de chlár oibre chruinnithe an Bhoird Bainistíochta go rialta. Chomh maith leis sin, áirítear leis an rúnaí leis an mBord Bainistíochta tuarascálacha foirmiúla ó fhochoistí ag eatraimh a bhfuil ar an mBord cinneadh a dhéanamh orthu.

3.6 Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn an Bhoird Bhainistíochta

Déanfar pointí gníomhaíochta comhaontaithe a mheas ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ina dhiaidh sin chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Coimeádfaidh Rúnaí an Bhoird Bainistíochta taifead ar an dul chun cinn maidir le gach pointe gníomhaíochta agus leanfar de réir mar is gá.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar a théarmaí tagartha gach trí bliana. Ar a laghad gach dhá bhliain, cuirfidh an Bord Bainistíochta cruinniú ar siúl atá tiomnaithe d'athbhreithniú fadréimseach a dhéanamh ar shaincheistean a bhfuil ar an eagraíocht dul i ngleic leo agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic leis na saincheistean seo.

3.7 Bord Rialachais TFC

Bunaíodh Bord Rialachais TFC na hOifige go luath in 2021 mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar thábhacht TFC agus ar an spleáchas ar TFC chun croíghnó na hOifige a sheoladh.

Is é príomhról an Bhoird um Rialachas TFC ná feidhmiú mar bhord maoirseachta ardleibhéil chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhriachtanais TFC na hOifige faoi láthair agus amach anseo.

3.8 Rialachas i measc Teorainneacha Eagraíochtúla

In ainneoin go bhfuil an Oifig neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna, aithníonn an Stiúrthóir agus an Bord Bainistíochta go bhfuil ról le comhlíonadh ag gach páirtí sa chóras ceartais choiriúil lena chinntiú go soláthraítear an leibhéal is airde de sheirbhís agus de luach ar airgead don cháinócóir. Mar aitheantas air

seo, glacann comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta, agus an fhoireann shinsearach eile, páirt i réimse coistí agus grúpaí oibre le rannpháirtithe eile san earnáil cheartais choiriúil. Mar a luadh i [gcaibidil 1](#), tá an Oifig ina rannpháirtí sa chéad [Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil d'Éirinn](#), a foilsíodh i mí an Mhárta 2022, agus tá ionadaíocht aige ar na cúig fhoghrúpa ar fad a bhfuil sé de chúram orthu an clár oibre atá sonraithe sa Straitéis seo a chur i bhfeidhm. Coimeádtar teagmháil rialta neamhfhoirmiúil ar fud na hearnála freisin..

CAIBIDIL 4: Dearbhú Iniúchta agus Socruithe Comhlíonta

4.1 Timpeallacht Rialaithe agus Dearbhaithe

Cuimsítear sa chreatlach chun comhlíonadh a chinntiú rialuithe bainistíochta agus an dearbhú a sholáthraíonn iniúchadh inmheánach agus seachtrach araon gur leor na rialuithe seo agus go bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach. Áirítear leis na rialuithe riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialuithe airgeadais. Cruthaíonn ról chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta i mbainistíocht fhoriomlán na hOifige agus na freagrachtaí a shanntar don fhoireann go léir faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, ar tagraíodh dó ní ba luaithe sa cháipéis, príomhchodanna dár dtimpeallacht rialaithe.

Tá an Leas-Stiúrthóir, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh na hOifige a bhunú agus a choimeád. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht. Gach bliain síníonn an Leas-Stiúrthóir ráiteas ar rialuithe inmheánacha airgeadais le bheith san áireamh leis an gCuntas Leithreasa tar éis an iniúchta bhliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuimsítear i dtimpeallacht rialaithe na hOifige na gnéithe a leanas:

- sannadh freagrachtaí as gach gné d'obair na hOifige ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach dóibh;
- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air;
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal a bhfuil an fhreagracht do bhainistiú airgeadais sannta ina leith;
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig;
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú;
- go bhfuil treoirínite rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann; agus
- cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirínite ábhartha a chinntiú.

4.2 Bainistíocht Riosca

Tá Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí nochtta do raon imeachtaí féideartha a chuirfeadh bac nó an bonn ar sheachadadh na gcuspóirí ardleibhéil atá leagtha amach inár Ráitis Straitéise dá dtarlódh siad. Is éard atá i gceist le bainistiú na hOifige ar na teagmhais riosca seo ná iad a aithint, measúnú a dhéanamh ar a ndóchúlacht agus a dtionchar agus rialuithe agus maoluithe cuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu, sonraítear iad ar fad i gClár Riosca na hOifige. Is próiseas leanúnach, réamhghníomhach agus córasach é seo chun riosca a thuiscint, a bhainistiú agus a chur in iúl ó dhearcadh na heagraíochta ar fad. Is é an cuspóir

atá leis cur le cinnteoireacht straitéiseach trí bhainistíocht straitéiseach, oibriúcháin agus airgeadais a fheabhsú. Mar sin is próiseas leanúnach é bainistiú riosca agus léirítear é seo sa Chlár Riosca — mar dhoiciméad beo agus athraitheach.

Tá an Bord Bainistíochta agus an bhainistíocht shinsearach freagrach as a chinntiú go bhfuil próiseas láidir bainistíochta riosca i bhfeidhm. Coinníonn an Bord Bainistíochta athbhreithniú leanúnach ar chur chuige Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le bainistíocht riosca, agus i gcomhthéacs tuarascálacha iniúchta inmheánaigh freisin.

4.3. Iniúchadh Inmheánach

Déanann Coiste Iniúchta na hOifige maoirsiú ar iniúchadh inmheánach san Oifig. Comhaontaíonn an Coiste Iniúchta ar phlean bliantúil iniúchta mar chuid den athbhreithniú leanúnach córasach a dhéantar ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den Oifig. Tuairiscíonn an Coiste agus tugann sé comhairle don Leas-Stiúrthóir, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus don Bhord Bainistíochta ar chúrsaí rialaithe inmheánaigh agus iniúchta.

Deimhníonn an tOifigeach Cuntasaíochta (Leas-Stiúrthóir) ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta. Tá cúigear comhaltaí sa Choiste, cathaoirleach ina measc. Comhaltaí reatha an Bhoird Bhainistíochta iad triúr de na comhaltaí, comhaltaí seachtracha a bheidh sa 4ú agus sa 5ú comhalta a bhfuil cúlra airgeadais agus/nó dlí acu agus beidh duine de na comhaltaí seo ina Chathaoirleach. Ullmhaítear ráiteas ar leasanna na gcomhaltaí ar bhonn bliantúil.

Tá an Coiste Iniúcháireachta neamhspleách i bhfeidhmiú a dhualgas agus a fhreagrachtaí agus níl sé faoi réir treorú nó rialú ó aon pháirtí eile i bhfeidhmiú a dhualgas. I measc phríomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an Choiste, tá an méid a leanas:

- Measúnú agus moltaí a dhéanamh ar an leibhéal foriomlán de Rialachas Corparáideach laistigh den Oifig;
- Measúnú agus moltaí dhéanamh ar an leibhéal agus ar mhéid na Bainistíochta Riosca atá i bhfeidhm san Oifig;
- Comhairle a thabhairt maidir leis an gcóras rialuithe, lena n-áirítear slándáil teicneolaíochta faisnéise agus rialuithe atá mar bhunús leis na próisis bhainistíochta airgeadais;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí iniúchta ag an mbainistíocht;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanais reachtúla na hOifige;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus athbhreithniú a dhéanamh ar a tuarascáil bhliantúil lena chinntiú go dtéitear i mbun an ghnímh chuí maidir le haon mholtaí.

Nuair a dhearbhaítear don Leas-Stiúrthóir gur leor na rialuithe inmheánach agus go bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach, braitheann an Coiste Iniúchta ar na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh arna dtáirgeadh ag Iniúcháir Inmheánach na hOifige. Eascraíonn na tuarascálacha seo as clár oibre bliantúil arna chinneadh ag an gCoiste Iniúchta. Agus aird ar mhéid sách beag na hOifige agus gurb é obair ionchúisimh a príomhlíonáir saineolais, rinneadh an cinneadh go ndéantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsíú.

4.4 Iniúchadh Seachtrach – an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Coiste na gCuntas Poiblí

Glacann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (an ARCC) le ról lárnach sa phróiseas cuntasachta poiblí trí dhearbhu a sholáthar do Dháil Éireann faoin mbealach a riaradh cistí poiblí agus trí thuarascálacha a sholáthar dó faoi cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí agus scrúduithe reachtúla eile. Déanann Coiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann na tuarascálacha seo a mheas.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh airgeadais bliantúil a thagann chun críche le tuairim ar Chuntas Leithreasa na hOifige. Is éard a bhíonn i gceist leis an obair ná scrúdú a dhéanamh ar chuntais agus buntaifid agus bun-idirbhearta na n-aonán siúd lena chinntiú go léirítear go cuí sna cuntais na hidirbhearta agus go bhfuil na hidirbhearta a chuirtear i gcuntas sna cuntais rialta agus gur baineadh úsáid as na cistí ar na cuspóirí a beartaíodh agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacha a rialaíonn iad.

Tagann an Leas-Stiúrthóir, mar Oifigeach Cuntasaíochta, i láthair os comhair Choiste na gCuntas Poiblí chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an gCuntas Leithreasa.

4.5 Monatóireacht agus Measúnú Idirnáisiúnta

Tá Éire ina ball de roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear an AE, Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Mar sin, glacann Éire páirt i go leor tionscnamh reachtach agus neamhreachtach i réimsí an cheartais choiriúil agus chearta an duine, a leagann síos caighdeáin go minic agus a mbíonn dualgas tuairiscithe agus meastóireachta orthu. Bíonn an Oifig, mar cheann de na comhlachtaí i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann, rannpháirteach i bhfreagra a thabhairt ar iarratais go hÉirinn ar fhaisnéis ó chomhlachtaí idirnáisiúnta den sórt sin i gcomhthéacs na bpróiseas monatóireachta agus meastóireachta agus aird leanúnach ar chonclúidí meastóireachta.